City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board



# Tuarascáil Bhliantúil 2022

# Clár na nÁbhar


**Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh** 4

**Teachtaireacht an Chathaoirligh** 5

**1. Ráiteas an Bhoird** 7

**2. Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais** 13

**3. Cúlra agus Eolas Staitistiúil** 16

**4. Tuarascáil Fuinnimh** 18

**5. Éachtaí** 23

- Bunscoileanna agus Scoileanna Dara Leibhéal 24
- Breisoideachas agus Oiliúint (BOO) 27
- Seirbhísí Óige 31
- SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) 35
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD) 37

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath Tuarascáil Bhliantúil 2022 a chur i láthair. Ba bhliain thábhachtach í 2022 do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus muid ag bogadh i dtreo próisis um Chlaochlú agus um Athrú Straitéiseach don eagraíocht.

Lean ár scoileanna ag fás agus ag forbairt le méaduithe suntasacha ar an líon iomlán ar na rollaí inár scoileanna dara leibhéal ar fud na cathrach. Leanamar orainn chomh maith ag bogadh isteach i réimse na bPobalscoileanna Náisiúnta (PNanna) agus muid mar phátrún ar scoil ospidéil eile in Ospidéal Beaumont. Chuireamar fáilte freisin roimh fhógra an rialtais maidir le treoir do phobail scoile i ndáil le hathchumrú na pátrúnachta bunscoile i mBaile Átha Cliath agus táimid ag súil go mór leis na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann sna blianta amach romhainn.

Bhí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath thar a bheith gníomhach ag freagairt go réamhghníomhach don ionradh ar an Úcráin agus do riachtanais na ndaoine a bhí ina gcónaí i gcathair Bhaile Átha Cliath. Chomh maith le ranganna agus soláthar fairsing Béarla a chur ar fáil, bhíomar chun cinn freisin trí Chomhordaitheoir REALT a earcú agus na freagairtí a chomhordú ar fud na soláthraithe oideachais go léir sa chathair.

Garsprioc eile a bhí ann nuair a chuir Cathair Bhaile Átha Cliath tús leis an bpróiseas chun bogadh isteach in áitreabh Shráid Chathail Brugha. Is cuid é seo den athrú chun ár líonra soláthair BO ar fud na cathrach a athshamhlú agus campas úrscothach a fhorbairt i lár na cathrach. Príomhéacht in 2022 ab ea críochnú ár nAthbhreithnithe Tionscnaimh i gcomhar le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ). Mar thoradh air seo, tá creat straitéiseach cúig bliana ann d'fhorbairt cháilíochta chomhtháite agus chórasach an tsoláthair BO ar fud na cathrach.

Príomhthionscadal forbartha straitéiseach in 2022 ab ea aistriú na 3,000 ball foirne go léir chuig na Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Bhí infheistíocht ollmhór acmhainní agus athruithe ar phróisis oibre i gceist leis seo lena chinntiú gur féidir an t-aistriú sin a chur i gcrích go luath in 2023. Is príomhghné é freisin i gclaochlú na gcóras a úsáidtear i BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a admháil go bhfuil tiomantas agus gairmiúlacht na mball foirne go léir atá ag obair i BOO Chathair Bhaile Átha Cliath mar bhuntaca leis an obair iontach seo, agus muid ag obair le chéile, in éineacht le bord ardtiomanta BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, lena chinntiú go bhfuil réimse solúbtha agus éifeachtach seirbhísí á soláthar againn chun freastal ar riachtanais forbartha mhuintir chathair Bhaile Átha Cliath.



**An Dr Christy Duffy**
**Príomhfheidhmeannach**

# Teachtaireacht an Chathaoirligh

In 2022, lean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar aghaidh ag soláthar teagaisc, oiliúna agus tacaíochtaí d'ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí chathair Bhaile Átha Cliath agus ag cothabháil seirbhísí riachtanacha na heagraíochta. Ba cheart gach ball foirne agus mac léinn de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a mholadh as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas.

Lean na baill foirne orthu ag glacadh le raon leathan agus éagsúil modhanna cumarsáide teicneolaíochta chun leanúint leis an teagasc agus foghlaim. Bhí leibhéal an-ard comhoibrithe sa teagasc agus san fhoghlaim idir gach cuid den BOO. Thacaigh tiomantas agus díograis na foirne riaracháin, TF, airgeadais agus cothabhála leis an bhfoghlaim. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an eagraíocht as a tiomantas agus a feidhmíocht in 2022.

Lean an eagraíocht le cur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise 2022-2025. Ba mhór an pléisiúr é a bheith ag obair go dlúth leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta (FSC) agus le mo chomhghleacaithe ar an mBord chun a chinntiú go leanfar lena chur i bhfeidhm.

Ar deireadh, leanadh le hobair ríthábhachtach Bhord agus choistí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le linn 2022. Ba mhaith liom moladh agus buíochas a ghabháil leis an mbord a d'oibrigh go dian dícheallach chun an eagraíocht a threorú. Táimid go léir ag tnúth go mór le bheith ag obair le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2023.



**An Comhairleoir Keith Connolly**
**Cathaoirleach**

# 01



# Chathair Bhaile Átha Cliath Bord Oideachas agus Oiliúna Ráiteas an Bhoird Ráiteas an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Cloíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath leis an gCód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0002/2019. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath prionsabail an dea-rialachais agus an dea bhainistithe i bhfeidhm.

## Feidhmeanna Bhord an BOO

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

## Freagrachtaí an Bhoird

The Board is responsible for keeping proper books of account which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the Board and which enable it to ensure that the Financial Statements comply with section 51 of the Education and Training Boards Act 2013. Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i ndáil le calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Deimhníonn an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar staid chúrsaí an Bhoird.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm i leith ullmhú ráitis airgeadais an BOO

(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama

(c) imeachtaí ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Le linn 2022, d'fhaomh an Bord na doiciméid seo a leanas;

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse
- Freastal údaraithe comhaltaí ar chomhdhálacha
- Ceadaíodh fáil, sealbhú agus diúscairt talún nó leasa de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí

# Comhaltas an Bhoird

## Ionadaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

- An Comhairleoir Keith Connolly (Cathaoirleach)
- An Comhairleoir Catherine Stocker
- An Comhairleoir Vincent Jackson (Leaschathaoirleach)
- An Comhairleoir Dermot Lacey
- An Comhairleoir Joe Costello
- An Comhairleoir Mary Callaghan
- An Comhairleoir Caroline Conroy
- An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha
- An Comhairleoir Sophie Nicoullaud
- An Comhairleoir John Lyons
- An Comhairleoir Declan Meenagh
- An Comhairleoir Danny Byrne (a tháinig in áit an Chomhairleora Anne Feeney)

## Ionadaithe Foirne

- Audrey Cepeda
- Noel McDonagh

## Ionadaithe Tuismitheoirí

- Diane Cronin
- An Dr Bryan MacDonald

## Ionadaithe ceaptha faoi Alt 30(d) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna

- An Dr Noel O'Connor ainmnithe ag an gCumann Ardoideachais Teicneolaíochta
- John Carr ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann
- Michael Blanchfield ainmnithe ag ACCS/JMB/NAPD
- Joanna Siewierska ainmnithe ag an gComhairle um Inimircigh in Éirinn
- An Dr Shira Mehlman ainmnithe ag Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann

# Cruinnithe Boird

Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí tinrimh sa tábla thíos

| Tinreamh Chomhaltaí an Bhoird 2022 | Eanáir | Feabhra | Márta | Márta | Bealtaine | Meitheamh | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 20/01 | 17/02 | 24/03 | 31/03 | 19/05 | 17/06 | 15/09 | 20/10 | 17/11 | Freastal Iomlán |
| An Comhairleoir Joe Costello | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An Comhairleoir Caroline Conroy | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | 6/9 |
| An Comhairleoir Sophie Nicoullaud | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | 5/9 |
| An Comhairleoir Catherine Stocker | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | 5/9 |
| An Comhairleoir Dermot Lacey | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Comhairleoir Mary Callaghan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An Comhairleoir Keith Connolly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Comhairleoir Vincent Jackson | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Comhairleoir Anne Feeney | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | D'éirigh sí as Bealtaine 2022 | | | | | 1/4 |
| An Comhairleoir Declan Meenagh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | 8/9 |
| An Comhairleoir Michael Mac Donncha | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | 6/9 |
| An Comhairleoir John Lyons | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | 7/9 |
| An Comhairleoir Danny Byrne | Ceaptha Meitheamh 2022 | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| Audrey Cepeda | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | 5/9 |
| Noel McDonagh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An Dr Bryan MacDonald | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | 4/9 |
| Diane Cronin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | 6/9 |
| An Dr Noel O'Connor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| John Carr | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| Michael Blanchfield | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | 8/9 |
| Joanna Siewierska | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | 3/9 |
| An Dr Shira Mehlman | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | 5/9 |

# Cruinnithe an Choiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí tinrimh sa tábla thíos.

| Tinreamh an Choiste Airgeadais 2022 | Ball Inmheánach/ Seachtrach | 11/02/22 | 29/03/22 | 11/07/22 | 28/11/2022 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tUas. Sean Paul Mahon (Cathaoirleach) | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Keith Connolly | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | 2/4 |
| An Comhairleoir Dermot Lacey | Inmheánach | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | 3/4 |
| An tUas. Michael Donnelly | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | 3/4 |
| An Comhairleoir Declan Meenagh | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |

# Cruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le chéile sé huaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí tinrimh sa tábla thíos.

| Tinreamh Chomhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca in 2022 | Ball Inmheánach/ Seachtrach | 10/02/22 | 22/03/22 | 09/06/22 | 07/07/22 | 08/09/22 | 10/11/22 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cathal Kearney (Cathaoirleach) | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6/6 |
| Mary Armstrong | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | 5/6 |
| Patrick Hopkins | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/6 |
| Seán McKeon | Seachtrach | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/6 |
| Noel O'Connor | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | 5/6 |
| Shira Mehlman | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | 5/6 |
| Michael Blanchfield | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | 3/6 |

## Bainistíocht Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn an Bord go ndearnadh measúnú ar na príomhrioscaí agus ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2022. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca cúnamh don Bhord maidir leis an bhfeidhm bainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) agus ar a thuarascálacha. Braitheann sé chomh maith ar iniúchadh bliantúil AC&C agus ar aon Iniúchadh seachtrach eile amhail iniúchadh ESF agus/nó Iniúchadh ar ioncam. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Pléitear Bainistiú Riosca ag gach cruinniú den Bhord agus cuimsítear na nithe seo a leanas sa phlé sin:

- Tuarascálacha riosca ón lucht ardbhainistíochta
- Tuarascálacha an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
- Athruithe ar rátáil rioscaí
- Clár Iniúchóireachta

Tá sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh in SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach

## Córas rialuithe inmheánacha

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, tar éis a bheith curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire.

## Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus le forbairt agus le cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

## Cánachas

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

## Ráitis Airgeadais 2022

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (AC&C) nuair a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2022. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don AC&C iad a shíniú.

Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Sonraí faoi tháillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird a ndearnadh anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí
- Sonraí comhiomlána cúitimh an lucht ardbhainistíochta arna anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán;
  - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe
  - Sochair iarfhostaíochta
  - Sochair fhoirceanta
- Príomhchúiteamh bainistíochta más ann dó;
- Sonraí faoi líon na bhfostaithe ar thit a sochair iomlána fostaithe (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 suas agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

# 02



# Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais

## Misean

Is é misean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ná seirbhísí gairmiúla oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine i gcathair Bhaile Átha Cliath a chuireann le forbairt phearsanta an duine aonair chomh maith le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha fhoriomlán na cathrach – ag cabhrú leat Foghlaim, ag cabhrú leat Fás, ag cabhrú leat Forbairt.

## Fís

Is í an fhís atá againn:

- Bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar sholáthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Oideachas agus Oiliúint atá ionchuimsitheach, proifisiúnta agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil go gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le soláthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath, gá atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn.
- Cláir a sholáthar ina gcuirtear cáilíochtaí oiriúnacha agus bealaí chun cinn i dtreo ardchúrsaí oideachais, clár oiliúna agus fostaíochta.
- Seirbhís chuimsitheach don Óige a fhorbairt i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Údarás náisiúnta cáiliúcháin um dheontais do scoláirí atá éifeachtach, faoi bhainistíocht agus go hiomlán cuntasach, a chur ar fáil.

## Creideamh

Is é an bunchreideamh atá againn go bhfuil sé de cheart ag gach duine rochtain a bheith aige nó aici ar dheiseanna Oideachais agus Oiliúna, a chabhróidh leis nó léi barr a chumais nó a cumais a bhaint amach. Chun tacú le gach duine barr a chumais nó a cumais a bhaint amach, ní mór dúinn na tréithe seo a leanas a léiriú mar sholáthraí seirbhíse:

**Ionchuimsitheach** - glacaimid le gach foghlaimeoir atá in ann leas a bhaint as na cúrsaí a chuirimid ar fáil agus atá laistigh de scóip reachtaíochta ár seirbhísí.

**Measúil** - tá meas againn ar an gceart um chóir chomhionann do gach duine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí agus meas á léiriú againn ar chearta an duine aonair, lena n-áirítear meas ar an duine agus ar a cheart nó a ceart chun príobháideachta.

**Freagrúil** - táimid freagrúil do riachtanais na ndaoine agus na sochaí atá ag athrú, go háirithe riachtanais na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus/nó dífhostaithe.

**Cumasaithe** - cuirimid deiseanna ar fáil chun daoine a chumasú lena n-acmhainn Oideachais agus Oiliúna a bhaint amach.

## Gealltanais

Geallann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath:

- barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn sa teagasc agus san oiliúint, agus torthaí ardchaighdeáin a chur chun cinn san fhoghlaim
- timpeallacht oibre atá dearfach, sofhreagrúil agus cumasaithe a chur ar fáil
- forbairt foirne a spreagadh
- éachtaí ag gach leibhéal a aithint

- barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn inár seirbhísí tacaíochta oideachais agus oiliúna agus inár riarachán
- barr feabhais proifisiúnta agus torthaí ardchaighdeáin a chur chun cinn i seirbhísí oibre don ógra
- oideachas agus oiliúint a chur ar fáil agus tacú le seirbhísí don ógra atá ionchuimsitheach, il sainchreidmheach, agus faoi cheangal ag caidreamh cuí ó thaobh cúraim agus measa de
- aghaidh a thabhairt ar riachtanais an fhoghlaimeora de réir mar a thagann riachtanais eacnamaíochta, shochaíocha agus fostaíochta chun cinn
- aghaidh a thabhairt ar éilimh eacnamaíochta agus shochaíocha
- glacadh le hindibhidiúlacht, le héagsúlacht agus le huileghabhálacht
- tacú le freagrachtaí sibhialta, sóisialta, pobail agus domhanda
- tacú le rannpháirtíocht scoláirí, ball foirne, tuismitheoirí agus an phobail in oideachas, oiliúint agus seirbhísí don ógra de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath
- barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn maidir le deontais do mhic léinn a phróiseáil agus a sholáthar trí Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)



# 03



# Cúlra agus Eolas Staitistiúil

Bunaíodh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is sinne an t-údarás stáit um oideachas agus oiliúint do chathair Bhaile Átha Cliath le breis agus 3,000 ball foirne agus 47,000 foghlaimeoir (lánaimseartha agus páirtaimseartha). Tá 25 scoil agus coláiste againn, lena n-áirítear dhá Phobalscoil Náisiúnta, 11 Iar-bhunscoil agus 12 Choláiste Breisoideachais.

Chomh maith leis sin, bainistíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath dhá Ionad Oiliúna, naoi nIonad Ógtheagmhála agus Seirbhís Oideachais Aosaigh atá ag feidhmiú i gcúig cheantar ar leith ar fud na cathrach. Cuirimid seirbhís oideachais ar fáil i seacht bPríosún agus maoinímid réimse leathan Ionad Oiliúna Pobail agus Tionscnamh Oiliúna Áitiúil. Is é BOO Chathair Bhaile Átha Cliath an soláthraí is mó dámhachtainí DCCÉ i mBreisoideachas agus Oiliúint (BO) in Éirinn.

Táimid freagrach freisin as SUSI, an t-údarás náisiúnta dámhachtana do dheontais mac léinn in Éirinn. Tacaíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú Seirbhísí Óige i gcathair Bhaile Átha Cliath agus is é an príomhchomhpháirtí i Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath.

Faigheann an soláthar seo tacaíocht ó réimse seirbhísí, lena n-áirítear seirbhís shíceolaíochta, aonad forbartha curaclaim, aonad cothabhála foirgneamh agus foireann riaracháin na Príomhoifige i nDroichead na Dothra.

| Scoileanna Ospidéil Phobail agus Iar-bhunscoileanna | | |
|---|---|---|
| Seirbhís | Líon na n-áiteanna | Líon na mac léinn lánaimseartha (Seisiún Acadúil) 2022/2023) |
| Scoileanna Ospidéil Phobail | 2 | Éagsúil (Meán 90) |
| Iar-bhunscoileanna | 11 | 3,376 |

| Breisoideachas agus Oiliúint (BOO) | |
|---|---|
| Soláthar BOO na Bliana Acadúla | Líon na Mac Léinn Lánaimseartha Seisiún Acadúil 2021/2022 |
| Iar-Ardteistiméireacht (PLC) | 5,850 |
| Soláthar BOO na Bliana Féilire | Bliain Fhéilire Gníomhaíochta 2022 |
| Printíseachtaí agus Tréimhsí Oiliúna | 2,583 |
| Seirbhís Oideachais do Phríosúin | 13,395 |
| Clár Ógtheagmhála | 904 |
| Oideachas Aosach, Pobail agus Eile | 21,173 |

# 04



# Tuarascáil Fuinnimh


Ceanglaítear le hIonstraim Reachtúil 542/2009 ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar a n úsáid fuinnimh.

## Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh 2021


Seo thíos sliocht as bunachar sonraí monatóireachta agus tuairiscithe ÚFIÉ a léiríonn dul chun cinn foriomlán BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ónár mbliain bhonnlíne Éifeachtúlachta Fuinnimh (2009) go dtí an bhliain 2021.


Is mar gheall ar dheireadh a chur le srianta Covid 19 ar fud an gheilleagair is cúis leis an ardú a bhfuiltear ag súil leis ar ídiú foriomlán fuinnimh don bhliain 2021.

Mar sin féin, tá an laghdú iomlán comhsheasmhach agus léiríonn sé, don bhliain 2021, feabhas iomlán ar éifeachtúlacht fuinnimh de 21.4% ó bhunlíne 2009.



# Energy Consumption Profile




Ba é **23,782,129** kWh Riachtanas Iomlán an Fhuinnimh Phríomha (RIFP) de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2021 i gcomparáid le **30,541,989** kWh sa bhliain bhunlíne de 2009. (a thaispeántar ar an ngraf ar thuas).

Déantar ár bpróifíl ídithe (a thaispeántar ar an ngraf ar chlé) do 2021 (**23,782,129** kWh) a mhiondealú mar seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gás | 10,746,419 | kWh | 45.2% |
| Ola Théite | 990,715 | kWh | 4.2% |
| Leictreachas | 12,044,995 | kWh | 50.6% |
| **Iomlána** | **23,782,129** | **kWh** | **100.0%** |

Ar fud eastát iomlán BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tá scoilt beagnach 50/50 idir ídiú leictreachais agus úsáid Gáis agus Ola a theastaíonn le haghaidh téimh.

Agus muid ag dul ar aghaidh i dtreo spriocanna eatramhacha agus dúshlánacha 2030, tá an bunachar sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe fós ar fáil dúinn ag leibhéal an Eastáit agus an Fhoirgnimh Aonair araon, rud a chuireann ar ár gcumas gníomhartha sonracha éifeachtúlachta fuinnimh a dhíriú ar an áit a mbeidh an éifeacht is mó acu.

## Éifeachtúlacht agus Astaíochtaí

Baineadh amach gnóthachain Éifeachtúlachta Fuinnimh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí seo trí bhainistíocht struchtúrtha fuinnimh, uasghráduithe foirgneamh agus saoráidí, soláthar fuinnimh níos fearr, agus athrú iompraíochta ar fud na heagraíochta.


I measc ár n-uasghráduithe ar fhoirgnimh agus ar shaoráidí tá:

- Logáil Fuinnimh Fíor-Ama in Ionad Oiliúna Fhionnghlaise a thugann tuiscint níos iomláine dúinn ar phróifíl tomhaltais ceann dár n-úsáideoirí fuinnimh is mó.
- Suiteáil leanúnach de chórais soilsithe LED nua.
- Uasghrádú leanúnach Fabraice ar fhoirgnimh ar leith.

De réir mar a athraíonn spriocanna aeráide éigeantacha ó bhonn Fuinnimh (kWh) go bonn Dearbhastaíochtaí (CO2), tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, trínár rannpháirtíocht leanúnach leis an ÚFIÉ agus lenár eagraíocht iomlán, suite go maith chun an dul chun cinn atá bainte amach go dtí seo a chomhdhlúthú agus tuiscint a fháil ar an athrú is gá chun dul i ngleic leis na dúshláin níos déine atá romhainn agus muid ag bogadh i dtreo 2023.



# Cairt Eagrúcháin



# 05



# Éachtaí

Tá ár spriocanna straitéiseacha leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2021 – 2025 (**Féach Anseo**).

### Tá siad bunaithe ar cheithre cholún –

## Próifíl

Ina gcuirfear féiniúlacht, fís na heagraíochta agus cumarsáid san áireamh.

## Daoine

Ina gcuirfear cultúr na heagraíochta, an fhoireann, foghlaimeoirí, guth na foirne agus na mac léinn agus forbairt foirne san áireamh.

## Oideolaíocht

Ina gcuirfear aindreolaíocht, teagasc, foghlaim, measúnú agus tacaíochtaí mac léinn san áireamh.

## Próisis

Ina gcuirfear córais riaracháin, eagrúcháin agus tacaíochta, dearbhú cáilíochta agus rialachas san áireamh

Tá spriocanna straitéiseacha na gceithre cholún nasctha le cuspóirí agus spriocanna atá inár bPlean Seirbhíse bliantúil (**Féach Anseo**)

Léirítear sa chuid seo na spriocanna straitéiseacha agus na héachtaí suntasacha gaolmhara ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2022.



# Bunscoileanna agus Scoileanna Dara Leibhéal

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cinntiú go bhfuil pobail ar fud Bhaile Átha Cliath ar an eolas faoinár soláthar oideachais. | Tá cuntais meán sóisialta agus suíomhanna gréasáin ag gach scoil dara leibhéal agus ag bunscoil amháin. Tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta. Iarrtar ar gach scoil @ cityofdublinetb a chlibeáil isteach ina bpostálacha agus mar thoradh air seo tá próifíl méadaithe dár scoileanna dara leibhéal.<br><br>Tá gach scoil páirteach i dtionscadail dhearfacha éagsúla lena bpobail. |
| Leanúint ar aghaidh ag glacadh le fócas athnuaite ar Éiteas, trí obair áitiúil agus BOOÉ ar Chreat na bPátrún. | Bhí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath an-ghníomhach le forbairt Chreat na bPátrún, ach go háirithe le forbairt Ghearrchúrsa Chreat na bPátrún. Tá Stiúrthóir na Scoileanna ina Chathaoirleach ar Líonra na Múinteoirí, a dhéanann maoirseacht ar phíolótú ár ngearrchúrsa.<br><br>Tá Coláiste Pobail Chluain Toirc ar cheann de na 16 scoil atá roghnaithe go náisiúnta chun Gearrchúrsa Chreat na bPátrún a phíolótú.<br><br>Bhí a bPríomh-mhúinteoir Éitis (PE) ceaptha ag gach ceann dár 11 iar bhunscoil. Tá na múinteoirí sin go léir i gceannas ar Choistí Éitis ina scoileanna agus glacann siad páirt freisin i Líonra Foghlama do Ghairmithe PE BOOÉ. Tá beirt Chomhordaitheoirí Éitis ainmnithe againn anois chun oibriú le gach scoil agus PE. |
| Próisis agus córais a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil guth an mhic léinn i láthair i ngach scoil. | Tá Comhairle na Mac Léinn ag gach scoil mar chuid de struchtúr na scoile. Leagamar béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le Guth na Mac Léinn inár scoileanna, trí chur i láthair praiticiúil agus ionchur praiticiúil a bheith againn ar an ábhar, mar chuid dár gClár Ceannairí atá ag Teacht Chun Cinn. |
| Méadaigh líon na mac léinn atá ar an rolla | Tháinig méadú 10.6% ar líon na mac léinn. Mhéadaigh naoi gcinn dár 11 iar bhunscoil an líon mac léinn a bhí ar a rollaí. Go háirithe, sháraigh Coláistí Pobail na Cabraí agus Bhóthar an Chlochair 200 mac léinn agus sháraigh Coláiste Pobail Chluain Torc 800 mac léinn den chéad uair.<br><br>Bhíomar i dteagmháil freisin le hÁisitheoir Neamhspleách, a ceapadh faoin scéim phíolótach um Athchumrú. Tugadh cuireadh dúinn cur i láthair a thabhairt d'fhoireann agus do thuismitheoirí bunscoile agus iad ag smaoineamh ar athchumrú chuig Pobalscoil Náisiúnta (PN).<br><br>I mí Iúil 2022 ghlac BOO Chathair Bhaile Átha Cliath pátrúnacht ar an dara scoil ospidéil in Beaumont mar scoil ospidéil phobail.<br><br>Mar ullmhúchán do dheiseanna athchumraithe scoile, d'fhorbraíomar rannán ar ár suíomh gréasáin, atá tiomanta do phátrúnacht mar PN faoi BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Leanúint le forbairt córas nua-aimseartha digitithe, a chuireann tacaíochtaí éifeachtúla ar fáil dár scoileanna, dár gcoláistí agus dár n-ionaid. | Rinneadh próisis earcaíochta a nuachóiriú agus a fheabhsú. Úsáideann gach scoil www.etbvacancies.ie anois chun daoine a earcú. Tugann sé sin rochtain dhigiteach láithreach do cheannairí sinsearacha ar ghearrliostú agus ar ábhair earcaíochta,<br><br>Chabhraigh sruthlíniú na gCóras Páipéarachais leis seo. Tá laghdú tagtha ar an méid páipéarachais a theastaíonn le haghaidh earcaíochta agus tá na doiciméid riachtanacha go léir ar fáil ar ár n-ardán SharePoint.<br><br>Ar deireadh, bhunaíomar Grúpa Oibre Earcaíochta, ina bhfuil Príomhoidí agus ionadaithe acmhainní daonna ag obair le chéile chun a chinntiú go ndéantar an earcaíocht a shimpliú agus go n-éiríonn léi. Tá roinnt pleananna nuálacha forbartha ag an ngrúpa oibre seo, a chuirfear i bhfeidhm in 2023. |
| Próifíl BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a ardú, go háirithe le hionadaíocht ar choistí BOOÉ. | Rinne Stiúrthóir na Scoileanna ionadaíocht ar an eagraíocht agus ar BOOÉ ag coistí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta éagsúla, lena n-áirítear:<br><br>▪ An Grúpa um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, a chabhraíonn le FGL réigiúnach agus náisiúnta a eagrú d'fhoghlaimeoirí de leibhéal meánach, do leas-phríomhoidí agus do phríomhoidí<br>▪ Grúpa Riachtanas Speisialta Oideachais, a chuir clár náisiúnta de Cheannairí Cuimsithe i bhfeidhm go céimneach<br>▪ Cathaoirleach Líonra na Múinteoirí, a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm ár nGearrchúrsa Pátrún<br>▪ Cruinniú Coiste Oireachtais ar Oideachas, a phléann folláine na mac léinn<br>▪ Cruinniú ar an bhFadhb Náisiúnta maidir le Soláthar Múinteoirí |
| Forbairt Phearsanta agus Ghairmiúil (FPG) bhríoch agus fhreagrúil a eagrú agus a éascú. | Baineadh é seo amach in 2022, go príomha trí chruinnithe pleanála rialta lenár bhFoireann FPG. Forbraíodh Clár na gCeannairí atá ag Teacht Chun Cinn agus rinneadh athfhorbairt ar Chlár na gCeannairí Meánacha. Athnuadh an nasc idir ár bhFoireann FPG agus ár Seirbhísí Síceolaíochta, rud a chinntíonn go bhfuil oiliúint níos fearr á tairiscint ag ár síceolaithe ar fud na heagraíochta. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cumas ceannaireachta a fhorbairt i measc ár mball foirne bunscoile agus dara leibhéal. | Le linn 2022, chuireamar tús le dhá chlár ar leith chun tacú le forbairt cumais ceannaireachta inár scoileanna agus ár gcoláistí:<br>▪ Ar an gcéad dul síos, d'fhorbraíomar Clár na gCeannairí atá ag Teacht Chun Cinn den chéad uair. Aithníonn agus tacaíonn sé seo le ceannaireacht na ndaoine atá ag obair san oideachas, nach bhfuil post ceannaireachta foirmiúil acu.<br>▪ Ar an dara dul síos, rinneamar athchóiriú ar ár gClár Meáncheannaireachta, ionas go mbeadh sé éascaithe ag ceannairí laistigh dár BOO féin. Forbraíonn sé seo ann féin cumas ceannaireachta agus taithí.<br><br>Ina theannta sin, bhí an Stiúrthóir ar an gcoiste eagrúcháin don Chéad Chlár Meáncheannaireachta BOOÉ, a bhí ar siúl ar feadh trí lá i mí an Mheithimh in Ollscoil Luimnigh. Thairg BOO Chathair Bhaile Átha Cliath seacht n-áit don chlár seo, a fuair maoiniú ó gach BOO.<br><br>Ar deireadh, chuireamar tús le forbairt an Chláir Meantóireachta do Phríomhoidí nua ar dtús, agus tá sé sin i bhfeidhm anois. |
| Leathnú scileanna digiteacha a chur chun cinn i measc múinteoirí. | Chuireamar lá iomlán oiliúna ar fáil dár n-iar-bhunscoileanna, i scoil iPad 1 1. Thug sé sin deis dóibh taithí a fháil ar na buntáistí a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach a úsáid go hiomlán.<br><br>D'fhreastail an dá scoil air seo a chuireann teagasc digiteach 1:1 ar fáil faoi láthair, agus iad siúd nach bhfuil faoi láthair.<br><br>Bhí áthas orainn, in 2022, go bhfuil ceann eile dár scoileanna tar éis tús a chur lena haistear teagaisc digiteach 1:1 anois.<br><br>Ar deireadh, táimid tar éis dul i dteagmháil le Apple agus le Microsoft araon maidir le deiseanna oiliúna digití agus cuirfear an oiliúint sin ar fáil in 2023 |
| Cinntiú go gcoinnítear timpeallachtaí foghlama ar ardchaighdeán. | In 2022, leanamar orainn ag obair go dlúth leis an Stiúrthóir SFO chun a chinntiú gur comhlíonadh riachtanais áitribh agus bonneagair scoile. Áiríodh leis sin ranganna speisialta nua a chruthú. I measc na dtionscadal suntasach bhí:<br>▪ Cóiríocht bhreise do Choláiste Pobail na Toirbhearta<br>▪ Críochnaíodh obair ar an dara rang speisialta do Choláiste Pobail Ellenfield<br>▪ Osclaíodh rang speisialta nua i gColáiste Pobail na Cabraí<br>▪ Cuireadh tús leis an obair ar rang speisialta nua do Choláiste Dhúlaigh |

# Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Seachadadh seirbhíse níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar. Feabhsúcháin bunaithe ar eispéireas na bpáirtithe leasmhara go dtí seo. | Mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe Tionscnaimh, cuireadh comhairliúchán le grúpaí taighde agus le grúpaí páirtithe leasmhara i gcrích, mar aon le próifíl soláthraí agus tuarascáil féinmheastóireachta.<br><br>Cruthaíodh Plean Feabhsúcháin Cáilíochta agus cuireadh faoi bhráid na foirne athbhreithnithe é. |
| Tús áite a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú le baill foirne ina róil agus ina ngairmeacha beatha agus feabhas a chur ar an gcumas seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar. | Bhain 28 ball foirne céim amach ó Chúrsa Dioplóma um Chuimsiú agus Éagsúlacht nua-chruthaithe (NFQ Leibhéal 9) agus chláraigh 35 ball foirne eile de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2022/23.<br><br>Cuireadh Pobail Cleachtais (PCanna) chun cinn ar fud an tsoláthair BO. Cuireadh an Polasaí FPG i gcrích agus tá sé i bhfeidhm anois. |
| Úsáid a bhaint as eolas agus taithí atá ann cheana féin chun seirbhísí a fheabhsú agus feasacht a mhéadú. Páirt a ghlacadh ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun eolas a roinnt agus foghlaim le chéile. | Roghnaigh IBM Cathair Bhaile Átha Cliath mar a chomhpháirtí Eorpach le haghaidh ullmhacht slándála agus bronnadh deontas €500,000. Is éard a bhí i gceist leis sin ná measúnú a dhéanamh ar ionaid slándála TF agus cabhrú leo feabhas a chur ar a leibhéal ullmhachta. Cuireadh tús leis an tionscadal trí rannpháirtíocht Chathair Bhaile Átha Cliath le Lár na Cathrach Thoir Thuaidh.<br><br>D'oibrigh Aonad Rannpháirtíochta Fostóirí Chathair Bhaile Átha Cliath le raon páirtithe leasmhara chun cláir nua Oiliúna, Printíseachta agus Scileanna a fhorbairt i raon réimsí, lena n-áirítear obair óige, tithíocht, draenáil agus cumhdach.<br><br>Bailíodh Tuarascáil Aiseolais ó ghrúpaí fócais (ionchorpraithe i ndoiciméad an Athbhreithnithe Tionscnaimh). |
| Cumarsáid agus rannpháirtíocht a fheabhsú chun muintearas agus fiúntas a chothú. | Bunaíodh aonad tacaíochta d'fhoghlaimeoirí BO ag a bhfuil ceathrar ball foirne. Rachaidh an grúpa i dteagmháil le hionaid agus le foghlaimeoirí maidir le heispéireas an fhoghlaimeora agus guth an fhoghlaimeora mar chuid d'aidhm BOO Chathair Bhaile Átha Cliath an foghlaimeoir a chur i gcroílár gach rud a dhéanaimid agus eispéireas comhsheasmhach a chinntiú don fhoghlaimeoir. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Soláthar agus rochtain seirbhíse a fheabhsú. | Cuireadh Seomraí Ranga Hibrideacha ar fáil ar fud na n-ionad BO go léir. Ceadaíonn an córas cur i láthair feabhsaithe sa rang a sholáthar, chomh maith le soláthar hibrideach agus cianda. Cuireadh oiliúint ar fáil d'úsáideoirí maidir leis an gcóras nua.<br><br>Cuireadh athbhreithniú i gcrích freisin ar straitéis Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le foghlaim le cuidiú teicneolaíochta (FCT) agus tá sé á mheas faoi láthair.<br><br>Reáchtáil BOO Chathair Bhaile Átha Cliath dhá phríomhimeacht straitéise dá bhainisteoirí BO i Sráid Chathail Brugha agus i gColáiste Chill Easra. Dhírigh na himeachtaí ar phríomhréimsí soláthair reatha agus amach anseo a fhorbairt, ar fheidhmíocht straitéiseach, ar chuimsiú agus ar éagsúlacht, agus ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. |
| Oiliúint a chur ar an bpríomhfhoireann chun an fhoghlaim dhigiteach a sholáthar agus chun tacú léi. | Tá Dioplóma Gairmiúil ar Dhearadh Foghlama Digití curtha i gcrích ag 21 ball foirne. |
| Soláthar agus rochtain seirbhíse a fheabhsú. | Rannpháirtíocht leanúnach na foirne in FPG, lena n-áirítear Dearadh Uilíocht don Fhoghlaim (DUF), ceannaireacht teagaisc agus Cláir um Chuimsiú agus um Éagsúlacht. Cláir Nua lena, n-áirítear Leibhéal 6: Teastas i bhFoghlaim agus Teicneolaíocht agus Leibhéal 7: Teastas i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| Cumarsáid agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fheabhsú. Próifíl BO agus BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a ardú. | Bunaíodh dhá ghrúpa straitéiseacha. Thug grúpa amháin faoi chleachtadh straitéiseach mapála agus pleanála. D'fhéach sé go príomha ar sholáthar/dáileadh cúrsaí CI/Ionad Oiliúna ar fud na cathrach. Dhírigh an dara grúpa ar earcaíocht, margaíocht agus caidreamh poiblí d'fhonn an comhoibriú agus an comhar a bharrfheabhsú.<br><br>Ionchorpraíodh moltaí gach grúpa i Straitéis Cumarsáide Chathair Bhaile Átha Cliath agus i dtreo straitéiseach sholáthar BO Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá roinnt gnéithe le cur i bhfeidhm in 2023. |
| Seachadadh seirbhíse níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar. Feabhsúcháin bunaithe ar eispéireas na bpáirtithe leasmhara go dtí seo. | Mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe Tionscnaimh, cuireadh comhairliúchán le grúpaí taighde agus le grúpaí páirtithe leasmhara i gcrích, mar aon le próifíl soláthraí agus tuarascáil féinmheastóireachta. Cruthaíodh Plean Feabhsúcháin Cáilíochta agus cuireadh faoi bhráid na foirne athbhreithnithe é. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Feabhas a chur ar an gcumarsáid, ar an mbrandáil agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil don phobal, le rochtain mhéadaithe d'úsáideoirí féideartha seirbhíse. | Reáchtáladh Feachtais BO Chathair Bhaile Átha Cliath ag tús R3 ar Raidió Náisiúnta, Fógraíocht Iompair Phoiblí, na Meáin Shóisialta agus Gnéithe Irise Oideachais. Bhí seastán agus ábhar bolscaireachta ag Cathair Bhaile Átha Cliath ag imeachtaí, lena n-áirítear Roghanna Níos Airde agus Worldskills:<br>▪ Roghanna Níos Airde ón 21 – 23 Meán Fómhair (RDS). D'fhreastail mic léinn dara leibhéal ó gach cearn den tír ar an imeacht. Bhí seastán BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le feiceáil go soiléir sa phríomhláthair agus thug na mílte mic léinn cuairt air thar na 3 lá.<br>▪ Worldskills Ireland ón 13 – 15 Meán Fómhair (RDS). Chuir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath taispeántais agus baill foirne ar fáil i réimsí éagsúla, lena n-áirítear Scileanna Glasa, Cothabháil Feithiclí Leictreacha, Deisiúcháin Cabhlach agus ailíniú Braiteora Lidar i gcarranna nua-aimseartha. |
| Ionchais níos leithne a spreagadh agus deiseanna a fheabhsú do mhic léinn BO. | Leanann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith páirteach i raon tionscadal idirnáisiúnta atá á mbainistiú ag an Deasc Idirnáisiúnta. I measc na dtionscadal tá cuairteanna soghluaisteachta Múinteoirí agus Foghlaimeoirí, tionscadail arna maoiniú ag an AE i gcomhar le comhpháirtithe eile an AE agus tionscadal sa tSaimbia arna mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha faoi bhuiséad Chúnamh Éireann.<br><br>Tá creat nua forbartha againn chun tacú le ról na hoifige idirnáisiúnta. |
| Baill foirne atá cáilithe agus a bhfuil an taithí chuí acu a earcú agus tacaíocht leanúnach a thairiscint trí FGL. | Reáchtáil BOO Chathair Bhaile Átha Cliath imeacht ionduchtúcháin do cheannairí BO nua-earcaithe i mí an Mheithimh.<br><br>D'fhaomh an coiste iarratais FPG breis agus 50 ball foirne aonair le haghaidh tacaíocht FGL do chláir shaincheaptha a chlúdaíonn réimsí sonracha. Chomh maith leis sin, d'fhaomh sé cláir shonracha atá curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais shonracha BO. |
| Feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse trí aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú. | Mar chuid den Athbhreithniú Tionscnaimh, tugadh comhairliúchán le grúpaí taighde agus le grúpaí páirtithe leasmhara chun críche.<br><br>Cruthaíodh Aonad Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí ag a bhfuil foireann de cheathrar, lena n-áirítear Áisitheoirí Oideachais Phobail (ÁOPanna). Mar chuid den phlean gníomhaíochta comhaontaithe chun tacaíocht mac léinn a athrú ó bhonn, tá an t-aonad ag plé le hionaid chun tacaíochtaí comhsheasmhacha d'fhoghlaimeoirí a fhorbairt ar fud an tsoláthair BO. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Bearnaí sa soláthar agus tosaíochtaí don todhchaí a aithint. | Cuireadh uirlis mhapála le chéile agus roinneadh le Ceannairí Ionaid í, agus bunaíodh grúpa oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar.<br><br>Roghnaíodh Ionad Oiliúna Fhionnghlaise mar an suíomh don séú ionad náisiúnta barr feabhais chun oiliúint NZEB (Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh) a sholáthar. |
| Teicneolaíocht nua agus bealaí éagsúla foghlama a úsáid. Bailiú agus anailís sonraí feabhsaithe. | Forbraíodh córas nua monatóireachta foghlaimeora chun monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna an chórais mar chuid dár gcomhaontú feidhmíochta straitéiseach le SOLAS.<br><br>Tá tuarascáil féinmheastóireachta curtha i gcrích ag an bhfoireann BO. Leagfar béim inti ar go leor de na réimsí atá le feabhsú sna cúig bliana go seacht mbliana amach romhainn. |
| Deiseanna agus eispéiris foghlama nua agus nuálacha d'úsáideoirí seirbhíse. | Rinneadh athbhreithniú ar Róil Stiúrthóra BO mar seo a leanas: Stiúrthóir Cáilíochta agus Oibríochtaí (BO) agus Stiúrthóir Claochlaithe agus Eolais (BO). Cuireadh na hathruithe in iúl do na páirtithe leasmhara go léir.<br><br>Tugadh Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach trí bliana chun críche le SOLAS. Áirítear sa Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach 2022-2024 forbhreathnú ar léarscáil gheografach agus soláthair an BOO le fócas ar phróifílí agus ar bhonneagar foghlaimeora.<br><br>Tá a chuid oibre curtha i gcrích ag an ngrúpa oibre ar fhoghlaim chumaisc agus tá beartas agus próiseas nua i bhfeidhm anois ar fud na n-ionad BO. |
| Struchtúir agus úsáid acmhainní a fheabhsú. | Bhí cruinniú ag Stiúrthóirí OC agus BO le SOLAS chun straitéisí foirne BO amach anseo a phlé. Aontaíodh go dtabharfadh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath faoi chleachtadh iniúchóireachta ar na leibhéil atá ann cheana féin agus go n ullmhódh sé freagairt chun tacú lenár straitéis.<br><br>Tá ceithre mholadh curtha faoi bhráid SOLAS ag Cathair Bhaile Átha Cliath le haghaidh Oibreacha Tógála Choláiste BO na Todhchaí. Tá trí cinn fós á mbreithniú agus tá Coláiste Breisoideachais Inse Chór (CBIC) ceadaithe chun dhá struchtúr réamhdhéanta a athsholáthar le foirgnimh nua. Aontaíodh moltaí tosaigh le SOLAS agus tá gnéithe breise mar chuid den phlé ag leibhéal náisiúnta. |
| Feabhas a chur ar sholáthar na gClár BO | Tá athbhreithniú ar Phobail Chleachtais curtha i gcrích agus tá sé á bhreithniú anois ag stiúrthóirí BO.<br><br>I measc na gClár nua a forbraíodh do 2022 bhí: Leibhéal 6: Teastas i bhFoghlaim agus Teicneolaíocht agus Leibhéal 7: Teastas i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. |

# Seirbhísí Óige

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Bunluachanna a neadú laistigh de struchtúr eagraíochtúil Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath. | Ag glacadh le cur chuige atá dírithe ar an duine óg, thacaigh Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath le soláthar oibre don óige a fhorbairt trí thacú le soláthraithe oibre don óige soláthar ar an talamh agus trí chúnamh deontais a riar. Trí Phlean Straitéiseach 2022 – 2025, agus na próisis chun é a fhorbairt, a thabhairt chun críche, cinntíodh go raibh na bunluachanna le feiceáil i gcleachtas. |
| Cumarsáid fheabhsaithe. | Tá 1,126 leantóir ag an gcuntas Facebook agus Instagram agus sroicheann na postálacha 6.3K. Choinnigh Seirbhísí Óige ár leibhéal ard cumarsáide soiléire maidir le deontais a bhí ar fáil, lena n-áirítear treoracha eolais agus foirmeacha iarratais. Chinntigh sé sin gur cuireadh grúpaí a bhí ag feidhmiú ar an talamh ar an eolas faoi na deiseanna féideartha go léir. Áiríodh leis seo roinnt clinicí iarratais ar líne chun tacú le hoibrithe deonacha a n-iarratais ar dheontais a dhéanamh. |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don fhoireann. | Chomhlánaigh gach ball foirne foirm riachtanais oiliúna foirne a bhí mar bhunús leis an bplean oiliúna don bhliain. Fuarthas 115 léiriú spéise ón bhfoireann agus cuireadh réimse oiliúna ar fáil.<br><br>Chuir seisiúin leanúnacha tacaíochta agus maoirseachta do gach ball foirne deiseanna ar fáil don fhoireann machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas oibre.<br><br>Ag leanúint ar aghaidh ó shuirbhé ar riachtanais oiliúna, chuireamar oiliúint ar fáil i nGarchabhair agus i Láimhseáil Láimhe. Chuireamar Oiliúint Airgeadais agus Rialachais, Oiliúint Microsoft Suite agus Oiliúint Agallaimh Bunaithe ar Inniúlachtaí ar fáil chomh maith. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Uasoiliúint Seirbhísí Óige agus clubanna deonacha. | Faoi Chlár Forbartha Acmhainní Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath, chuireamar sraith clár forbartha cleachtais ar fáil i rith na bliana. Ghlac 179 cleachtóir oibre óige túslíne páirt sna seisiúin chun uasoiliúint a dhéanamh ar an earnáil chun freagairt do riachtanais daoine óga atá ag teacht chun cinn a d'aithin an BOO le linn an chleachtaidh próifílithe. Áiríodh leo sin na réimsí cleachtais seo a leanas:<br><br>▪ Ag Claochlú Fuatha (5 ghrúpa, oiliúint lá iomlán<br>▪ Foréigean inscne-bhunaithe (seimineár maidine, 25 duine)<br>▪ Obair Scoite/Sráide (2 lá iomlán oiliúna)<br>▪ I gcomhar le Coláiste Dhúlaigh, faoin scéim Skill to Advance, ghlac 88 oibrí óige páirt sna Cúrsaí DCCÉ seo a leanas: Scileanna Digiteacha (Leibhéal 5), Réiteach Coinbhleachta (Leibhéal 5) agus Bainistíocht Maoirseachta (Leibhéal 6).<br>▪ Rinneadh 26 íocaíocht sparánachta le foghlaimeoirí aonair, a oibríonn go deonach le tionscadail/clubanna oibre don óige i gCathair Bhaile Átha Cliath agus atá ag gabháil do cháilíocht in obair óige ó Leibhéal 5 go Leibhéal 8. |
| Tacú le heagraíochtaí maoinithe chun na riachtanais rialachais ábhartha a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sna Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse nó i rialacha na scéime maoinithe. | D'óstáil Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath ceithre Sheimineár Airgeadais agus Rialachais i rith na bliana chun cabhrú le hEagraíochtaí Maoinithe riachtanais rialachais a chomhlíonadh. D'fhreastail 28 Eagraíocht Mhaoinithe (59 duine aonair) ar na seimineáir. Áiríodh leis seo seimineáir a bhí dírithe ar bhaill dheonacha den Bhord Bainistíochta atá freagrach as rialachas agus baill foirne i dtionscadail atá freagrach as feidhm airgeadais.<br><br>Seoladh scéimeanna deontais breise, lena n-áirítear Scéim Deontais Mhionúir nua & Scéim Deontais Shéasúrach do chlubanna óige. Forbraíodh próisis agus córais chun na scéimeanna deontais seo a riar.<br><br>Cuireadh tús le próiseas chun gannchaitheamh a aithint agus cheadaigh an Roinn roinnt tograí a bhain le hairgead nár caitheadh. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Comhoibriú méadaithe le páirtithe leasmhara. | Faoin scéim maoinithe d'obair óige spriocdhírithe UBU Your Place Your Space, chuaigh Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath i dteagmháil leis na hEagraíochtaí Maoinithe i rith na bliana chun an cleachtas a phleanáil agus a athbhreithniú agus chun dul chun cinn a rianú maidir le haschuir agus torthaí araon. San iomlán, reáchtálamar os cionn 100 cruinniú maidir le Pleanáil, Dul Chun Cinn agus Athbhreithniú le tionscadail/seirbhísí oibre don óige. Ba bhealach dearfach iad na rannpháirtíochtaí seo chun caidrimh a thógáil agus chun páirt a ghlacadh i gcomhráite tábhachtacha maidir le saincheisteanna agus riachtanais atá ag teacht chun cinn a dteastaíonn freagairt chomhoibríoch nó nuálach uathu.<br><br>▪ Sampla amháin is ea freagairt don fhoréigean, go háirithe coiriúlacht scian, i bpobail ar fud na cathrach. D'oibrigh Seirbhísí Óige i gcomhar le Comhairle Náisiúnta na nÓg agus le Tionscadal Óige Rialto chun príomhoiliúint a sholáthar ar fud limistéar feidhme an BOO. Oibrímid cúig Líonra Oibre Óige áitiúla ar fud na cathrach a chuireann spás ar fáil do chleachtóirí oibre óige ar an líne thosaigh chun machnamh a dhéanamh ar chleachtas agus chun páirt a ghlacadh i ndeiseanna piarfhoghlama.<br><br>Chuaigh Cathair Bhaile Átha Cliath i dteagmháil le Líonra Oibre Óige BOOÉ gach ráithe agus mar thoradh air sin tá leibhéal níos airde rannpháirtíochta ann anois le réimsí eile BOO. |
| Freagra a thabhairt ar shaincheisteanna tosaíochta atá ag teacht chun cinn. | D'oibrigh Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath le príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn ó thaobh na hoibre óige pobail de, in dhá phobal atá i mbéal forbartha i gcathair Bhaile Átha Cliath, a fhiosrú agus a aibhsiú.<br><br>I gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath coimisiúnaíodh anailís riachtanais ar phobal Bhéal Maighne/Chluain Ghrífín. Rinneadh iniúchadh sa taighde seo ar riachtanais an phobail, le béim ar leith ar dhaoine óga agus ar áiseanna.<br><br>Ar iarratas ón Aire, rinneadh staidéar ar riachtanais an phobail i gceantar Bhaile Pheiléid. Fiosraíodh imní faoi dhaoine óga agus iompar frithshóisialta agus tarraingíodh aird ar bhearnaí sna háiseanna.<br><br>Leanann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le raon páirtithe leasmhara i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh, chun comhordú seirbhísí do dhaoine óga agus úsáid éifeachtach deontas oibre don aos óg sa cheantar a chinntiú. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Córais teicneolaíochta fheabhsaithe chun soláthar a fheabhsú. | Tá scéim phíolótach le haghaidh córas próiseála deontas ar líne sna céimeanna deiridh, agus tá na huirlisí á dtriail faoi láthair. Tá soláthraí seachtrach ag obair leis na Seirbhísí Óige chun an tionscnamh seo a chur chun cinn. |
| Éifeachtúlachtaí feabhsaithe agus éifeachtacht i soláthar seirbhíse. | Tá doiciméad measúnaithe riosca curtha i gcrích agus táimid ag tosú ar na moltaí a chur i bhfeidhm. Tagann an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta le chéile go rialta chun comhlíonadh na ngníomhartha a aithníodh a chinntiú.<br><br>Forbairt an SOP agus córais próiseála deontas i gcomhréir leis na scéimeanna a seoladh. I gcás gach scéime deontais, sannadh freagracht ar fhoirne ar leith ar fud na heagraíochta. Chinntigh sé sin gur úsáideadh córas éifeachtach éifeachtúil, agus laghdaíodh iarracht dhúbailte. |

# SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn)

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Íocaíochtaí tráthúla agus cruinne táillí agus deontas cothabhála le hathbhreithnithe leanúnacha Dearbhaithe Cáilíochta. | Aistríodh íocaíochtaí deontais go dtí an Déardaoin chun moilleanna a laghdú agus chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú do mhic léinn. Meánscór Dearbhaithe Cáilíochta Measúnaithe de 99%. |
| Cumarsáid agus comhoibriú fíoréifeachtach a chothú laistigh agus lasmuigh den eagraíocht. | Tionscadal nua suímh gréasáin ar siúl i rith na bliana le seoladh i R1 2023.<br><br>Seoladh imeacht for-rochtana fíorúil nua SUSI le tinreamh leanúnach ag laethanta oscailte na gcoláistí.<br><br>Tuarascáil ar Athbhreithniú Rochtana curtha i gcrích. Nuashonruithe curtha i bhfeidhm ar fud suíomhanna gréasáin, doiciméad SUSI agus cumarsáidí lena chinntiú go gcloítear le hAchtanna ábhartha.<br><br>Feachtas/feachtais athnuachana do mhic léinn roimh an oscailt curtha i gcrích. Cuireadh feachtas íocaíochtaí ar fáil chomh maith le feachtas sceideal íocaíochta nua.<br><br>Comhlíonadh na Gaeilge ar siúl go leanúnach.<br><br>Feabhsuithe inrochtaineachta ar an gcóras iarratais ar líne GOL Q4 |
| Cur leis an gcaidreamh atá ag páirtithe leasmhara faoi láthair. | Tionóladh cruinnithe bliantúla an Ghrúpa Chomhairligh, an Ghrúpa Oibre Theicniúil agus an Bhoird Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn mar a bhí beartaithe.<br><br>Cuireadh oiliúint fhíorúil ar na bpríomhpháirtithe leasmhara faoi phróiseas iarratais SUSI, .i. Faisnéis do Shaoránaigh, Oifigigh Rochtana na nInstitiúidí Ardoideachais, Naomh Uinseann de Pól, bainisteoirí Iarchúraim TUSLA agus Institiúid na dTreoirchomhairleoirí.<br><br>Ina theannta sin, reáchtáladh seisiún faisnéise le comhaltaí an Oireachtais chomh maith le cruinniú leis An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) chun frámaí ama a leagan amach maidir le hacmhainn athraithe córais laistigh de SUSI. |
| Tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne ar tugadh ardú céime dóibh mar thoradh ar smachtbhanna breise foirne RBATNE. | Leathnaíodh oiliúint na Maoirseoirí Oibríochtaí chun scileanna ceannaireachta a chuimsiú. Cruthaíodh Lámhleabhar Oibríochtaí freisin agus scaipeadh é ar Bhainisteoirí líne measúnaithe.<br><br>Cuireadh Oiliúint ar Chumarsáid Ghairmiúil ar fud na heagraíochta ar fáil do bhainisteoirí daoine. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Maoirseacht rialaithe a sholáthar ar fud oibríochtaí airgeadais. | Gach athrú Scéime agus Beart Costais Maireachtála curtha ar fáil, lena n áirítear Scéimeanna breise:<br>▪ Sparánacht CI (An Úcráin) agus<br>▪ Scéim Idirnáisiúnta um Chosaint Mac Léinn (SICML).<br>Próiseáladh iarratais go rathúil agus fuair mic léinn incháilithe íocaíochtaí. |
| Feabhsú leanúnach agus múnla measúnaithe deontas mac léinn-lárnach. | Oscailt luath d'iarratais athnuachana curtha i bhfeidhm go rathúil i mí an Mhárta agus iarratais nua i mí Aibreáin. |
| Timthriall deontas bliantúil éifeachtach agus tráthúil a bhainistiú. | Measúnú agus Íocaíocht Spriocanna RBATNE bainte amach agus sáraithe. Ba é an meán-am chun measúnú tosaigh a dhéanamh ar iarratas sa bhliain acadúil ná níos lú ná 2 sheachtain. |
| Tionscnamh Oiliúna agus Forbartha Ball Foirne Reatha. | Cuireadh Oiliúint ar Chumarsáid Ghairmiúil ar fud na heagraíochta ar fáil do bhainisteoirí daoine. Ina theannta sin, nuashonraíodh ionduchtú d'fhoireann shealadach nua don bhliain acadúil atá le teacht. |
| Cur i bhfeidhm leanúnach na hoiliúna cibearshlándála. | Tá oiliúint chibearshlándála éigeantach ar siúl go míosúil don fhoireann go léir. |
| Gráid agus líon foirne cuí a fhostú chun an tacaíocht is fearr a chur ar fáil don scéim. | Poist tosaigh líonta ag leibhéal iontrála agus príomhfhoireann shinsearach. Fógraíodh poist bhreise mar thoradh ar smachtbhanna breise. |
| Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheirbhísí Próiseála Deontais, Achomharc agus Deisce Tacaíochta. | Próisis Mheasúnaithe a Nuashonrú nuair is gá mar thoradh ar athruithe Scéime agus Bearta Costais Maireachtála.<br>Tá athbhreithniú modheolaíochta ar siúl faoi láthair. Rinneadh iniúchtaí um Dhearbhú Cáilíochta Iar-athbhreithnithe (DCI) ag céim níos luaithe.<br>MBR leanúnach leis an Deasc Tacaíochta. |
| Moltaí maidir le hathbhreithniú Córais EY a chur i bhfeidhm. | Cuireadh gach uasghrádú ar sheirbhísí i gcrích, lena n-áirítear:<br>▪ Lasca líonra Theach Shelbourne<br>▪ Bun-seirbhísí gréasáin |
| Comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a chinntiú. | Cloíodh le frámaí ama reachtúla maidir le hAchomhairc Deontais, Saoráil Faisnéise agus Iarratais Duine ar Shonraí (IDSanna).<br>Eisíodh tuarascálacha ráithiúla calaoise chuig an RBATNE<br>Scriosadh doiciméid go gníomhach i gcomhréir leis an mbeartas coinneála sonraí. |

# Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD)

| Sprioc | Éacht(aí) |
| --- | --- |
| Oiliúint ar líne um Chosaint Sonraí athnuaite a thionscnamh ar fud na heagraíochta. | Cuireadh tús le hoiliúint ar líne maidir le Cosaint Sonraí do gach ball foirne. |
| Cumarsáid laistigh den timpeallacht AD a nuachóiriú. | Críochnaíodh an suíomh AD SharePoint agus cuireadh ar fáil do Phríomhoidí/Ceannairí Ionaid é.<br><br>Cuireadh cuntais ríomhphoist chineálacha i bhfeidhm agus cuireadh in iúl do gach ball foirne iad.<br><br>Forbraíodh teimpléad rianaithe loga oiliúna, chun loga lárnach a choinneáil den oiliúint a chuirtear ar fáil do gach ball foirne, lena chur i bhfeidhm in 2023.<br><br>Cuireadh tús leis i roinnt áiteanna agus cuirfear i bhfeidhm tuilleadh é in 2023. |
| Bainistíocht Riosca a Athbhreithniú agus a Fheabhsú. | Rinne an FSC agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, Plean Bainistíochta Riosca nua a fhaomhadh i Márta 2022.<br><br>D'fhorbair Seirbhísí Corparáideacha Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus d'fhaomh an FSC agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca é.<br><br>Forbraíodh foirmeacha dearbhaithe agus coinníodh Cláir Rioscaí Áitiúla ar an áthair.<br><br>Cuireadh dréachtchlár athbhreithnithe riosca corparáideach i bhfeidhm agus tá cláir stiúrthóireachta á bhforbairt.<br><br>D'fhaomh an FSC Beartas Bainistíochta Riosca agus tugadh faoi deara ag an mBord é.<br><br>Tá loga iniúchta agus rianaire curtha i bhfeidhm.<br><br>Reáchtáladh ceardlanna le FSC R2 agus reáchtáladh ceithre Cheardlann le Príomhoidí/Leas-Uachtaráin agus Ceannairí Ionaid R3. |
| Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach feabhsaithe. | Cuireadh tús le suíomh gréasáin nua agus le tionscadail athbhrandála. Cuireadh obair shuntasach i gcrích leis an dá fhoireann tionscadail, lena n-áirítear dearthóirí agus comhairleoir. Ta an dá thionscadal le seoladh i R1 2023. |
| Aistriú chuig seirbhísí párolla Seirbhís Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) (AD). | Cuireadh líon mór oibre i gcrích in 2022. Seoladh Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna/Párolla beartaithe do R1 2023. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cur i bhfeidhm iomlán an chórais éilimh pháirtaimseartha ar líne (AD). | Aistríodh gach ionad chuig an gcóras ar líne. Déantar gach éileamh páirtaimseartha a phróiseáil anois tríd an gcóras ar líne seo. |
| Cur leis an gcaidreamh atá ag páirtithe leasmhara faoi láthair. | Rinneadh ionadaíocht ar bhaill foirne ábhartha ar ghrúpaí oibre an BOO agus d'fhreastail siad ar chruinnithe agus chuir siad a gcuid ama agus taithí ar fáil. |
| Clár forbartha foirne a fhorbairt, lena n-áirítear uasoiliúint foirne (AD) | Rannpháirtíocht leanúnach leis an Aonad Forbartha Curaclaim (AFC) chun Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (F&FG) a aithint agus tacaíocht airgeadais a thabhairt di do gach ball foirne. D'eisigh an AFC Féilire Foghlama agus Forbartha Gairmiúla gach mí.<br><br>Cuireadh oiliúint éagsúil agus shonrach ar fáil don fhoireann. |
| Cur leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí trí mhaoiniú a riaradh ar 25 Tionscadal Drugaí Eatramhacha agus Riachtanas Éiritheacha. | Tá comhaontuithe seirbhíse i bhfeidhm do gach eagraíocht mhaoinithe. Cuireadh rialuithe réamh-mhaoinithe agus iar-mhaoinithe i bhfeidhm le linn R3. Teagmháil rialta leis an Aonad Polasaithe Drugaí agus le heagraíochtaí maoinithe. Cuireadh cuairteanna tionscadail sceidealta i gcrích. |
| Foirgnimh agus bonneagar ardchaighdeáin a chur chun cinn do gach ball foirne agus foghlaimeoir (Caipiteal) lena n-áirítear cóiríocht a chur ar fáil do líon méadaithe foghlaimeoirí. | Cuireadh tús le tionscadail Choláiste Inse Chór (Athchóiriú Dín) agus Choláiste Dhúlaigh (Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas/Suiteáil Ardaitheoir) agus iad ar siúl i gcomhar le SOLAS.<br><br>Tá Coláiste Pobail na Toirbhearta (Cóiríocht Bhreise) Céim 1 críochnaithe. Tá obair dheartha Chéim 2 ar siúl faoi láthair. Tuarascáil le heisiúint chuig an Roinn Oideachais i mí Eanáir 2023.<br><br>Cuireadh tús le tionscadail Choláiste Pobail Chluain Toirc (Cóiríocht Bhreise) agus tá siad fós ar siúl. Beidh 10 seomra ranga agus ocht sainseomra ar fáil do Mheán Fómhair 2023. |
| Comhaontuithe Seirbhíse a chur i bhfeidhm le páirtithe leasmhara seachtracha. | Rinne eagraíochtaí maoinithe ar fud na scéime comhaontuithe seirbhíse a fhorbairt, a shíniú agus a chur ar ais i R1. |
| Cosaint éifeachtach sonraí a chinntiú. | Cuireadh oiliúint ar gach ball foirne nua chun oibriú i réimse na cosanta sonraí. Cuireadh oiliúint ar líne ar fáil do gach ball foirne. 750 críochnaithe go dtí seo, obair leantach le leanúint le baill foirne eile. |
| Bainistíocht Taifead Feabhsaithe. | Oiliúint leanúnach ar chóras Inneall Príobháideachais. |
| Timpeallacht TF ardchaighdeáin agus úrscothach a sholáthar. | Cuireadh uasghráduithe líonra i gcrích in Ionad Oiliúna Bhaile Formaid agus tá Ionad Oiliúna Fhionnghlaise le críochnú i R1 2023. Tá tionscadal uasghrádaithe Wi-Fi críochnaithe i 23 ionad. Tá uasghrádú ar chórais teileafóin curtha i gcrích i 13 ionad. |

City of Dublin

Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board